Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15935/22**
**ADD 2**

**ELARG 106**
**COWEB 190**
**COEST 914**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais<br>– Ráitis ó na Ballstáit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, Ráitis ón mBulgáir, ón Ungáir agus ón tSlóivéin atá le cur le miontuairiscí na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón mBulgáir a ghabhann le miontuairiscí na Comhairle Gnóthaí Ginearálta a mhéid a bhaineann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le méadú agus leis an bpróiseas cobhsaíochta agus comhlachais**

Is cúis mhór imní don Bhulgáir an méadú atá ag teacht ar líon na dteagmhas agus na n-ionsaithe i gcoinne eagraíochtaí shaoránaigh na Macadóine Thuaidh a bhfuil féinaitheantas na Bulgáire acu, agus is cúis mhór imní di nach bhfuil imscrúduithe á saothrú i gceart agus nach bhfuil aon chiontuithe éifeachtacha á bhforfheidhmiú.

Sa chomhthéacs sin agus maidir le mír 59 de na conclúidí ón gComhairle, tuigtear dúinn go n-áirítear leis an tagairt don ghá atá ag an Macadóin Thuaidh le leanúint dá hiarrachtaí chun cearta bunúsacha a neartú a thuilleadh, *inter alia*, an gá le himscrúduithe agus ciontuithe le haghaidh coireanna fuathspreagtha a shaothrú go gníomhach.

Coinneoidh an Bhulgáir súil ghéar ar an tsaincheist sin i gcomhthéacs an smachta reachta agus na gceart bunúsach, príomh-thagarmharcanna lena ndéantar an dul chun cinn i dtreo ballraíocht san Aontas a mheasúnú.

* * *

**Ráiteas ón Ungáir maidir leis an léiriú ar bhainistiú imirce**

Agus é á chur san áireamh go bhfuil dlúthbhaint ag sreabha neamhdhleathacha imirce le cineálacha éagsúla coireachta eagraithe ar bagairt iad ar gach tír agus ar gá cur chuige cuimsitheach ina leith chun aghaidh a thabhairt ar shreabha imirce, áitíonn an Ungáir go bhfuil bainistiú imirce le tuiscint mar shrian a chur le sreabha imirce measctha i gcomhthéacs Airteagal 79(1) CFAE, i.e. gan lánurraim á tabhairt ach amháin don chuspóir, a chumhdaítear ann, maidir leis an inimirce neamhdhleathach a chosc agus maidir le bearta feabhsaithe chun í a chomhrac, chomh maith le ceart na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 79(5) CFAE é, ar dá réir nach ndéanfar difear do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach a chinneadh. Tá an méid sin gan dochar do bheartas ginearálta na hUngáire darb aidhm srian a chur leis an imirce neamhdhleathach in ionad bainistiú a dhéanamh ar an bhfeiniméan.

* * *

**Ráiteas ó Phoblacht na Slóivéine a ghabhann leis na Conclúidí maidir le Méadú agus leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais**

Cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir go dtacaíonn sí go hiomlán leis an moladh ón gCoimisiún Eorpach, an 12 Deireadh Fómhair 2022, stádas mar iarrthóir a thabhairt don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin, agus ba mhaith léi na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 - 24 Meitheamh 2022 maidir leis an ábhar sin a mheabhrú. I ndáil leis an méid sin, is féidir leis an tSlóivéin teacht ar chomhaontú maidir le mír 78 de na Conclúidí maidir le Méadú agus leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais ar an tuiscint go dtabharfar stádas mar thír is iarrthóir don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin ag Comhairle Eorpach mhí na Nollag 2022.